

# ☘ An Lúibín ☘

1 Bealtaine 2025

## Áine Ní Ghlinn san Astráil

*Áine Ní Ghlinn, Irish-language poet and prolific author of children's books, recently visited Australia, where she spoke of her efforts to encourage children to read in Irish.*

Má scríobhann tú i nGaeilge tá tú dofheicthe. Sin tuairim an scríbhneora Áine Ní Ghlinn, agus bheadh a lán daoine ar aon intinn léi. Bhí sí ag caint ag Coláiste Newman (coláiste de chuid Ollscoil Melbourne) ar an 16 Aibreán agus tagairt déanta do liosta fada a rinne an *Irish Times* de na leabhair 'ab fhearr' a foilsíodh in Éirinn in 2024. Ní raibh aon leabhar Gaeilge ann. Ní raibh Gaeilge ach ag cúigear as an seasca duine ar an gcoiste. Chuaigh Áine i gcomhairle le heagarthóir liteartha an *Irish Times* ina dhiaidh sin chun liosta de leabhair Ghaeilge a dhéanamh i gcomhair eagrán Nollag den pháipéar, ach níl sa mhéid sin, mar a dúirt sí, ach leathanach amháin.

Tá a lán leabhar scríofa ag Áine do pháistí, ach tá fadhb ann: ní dhéantar léirmheas ar a leithéidí, is cuma cén teanga atá i gceist. De réir staidéir Shasanaigh, is leabhair pháistí iad 30% den mhargadh liteartha, ach ní fhaigheann siad ach 3% de na léirmheasanna. Is measa an scéal i dtaca le leabhair Ghaeilge.

Mionlach atá ag labhairt Gaeilge agus ag léamh Gaeilge. Ceapadh Áine mar Laureate na nÓg (2020-2022) agus bhí ceist aici: Conas a aimsíonn tú léitheoirí óga? Bhí tionscadal ar leith ag teastáil. Í ag smaoineamh ar pháistí a chur ag léamh i nGaeilge, go háirithe i nGaeilge, agus ag léamh le sult. Cheap sí an Bosca Leabharlainne: leabhair Ghaeilge a roghnú do pháistí, iad a phacáil i mboscaí agus iad a roinnt ar bhunscoileanna.

Fiú i scoileanna lán-Ghaeilge, tá níos mó leabhair Bhéarla á léamh ná leabhair Ghaeilge. Idir 2020 agus 2023 chuir an Bosca Leabharlainne os cionn 70,000 leabhar chun 1,831 bunscoil ar fud na hÉireann. Ba é seo an chéad tionscadal a dhírigh aird ar leith ar léitheoireacht na Gaeilge sna scoileanna. Soláthraíodh leabhrán dar teideal *An Bosca Leabharlainne: Bimis ag Léamh* agus cuntas ann ar thimpeall ochtó bealach chun a bheith ag súgradh le cabhair ó leabhair. Rinneadh taighde agus fuarthas maoiniú ar Fhoras na Gaeilge agus ó Chomhairle na nEalaíon. Ansin ullmhaíodh na boscaí, roinnt acu do pháistí idir 4 agus 12 bliana d'aois, roinnt eile do pháistí níos sine, agus cúig leabhar is fiche i ngach bosca. I ndeireadh na dála caitheadh €500,000. Ba mhór an dua a caitheadh le roghnú na leabhar agus le hiad a chur i dteannta a chéile. Obair í a chuidíonn le foilsitheoirí beaga a chothú.


Ní beag an fhadhb í an droch-Ghaeilge atá ag an oiread sin múinteoirí. Teipeann ar an gcóras oideachais cainteoirí líofa a sholáthar, agus sna coláistí oiliúna tá an oiread sin le déanamh ag na mic léinn nach dtugtar mórán airde ar an nGaeilge.

Is fiú súil a chaitheamh ar léacht a thug Áine ag Oireachtas na Samhna in 2022:

<https://www.youtube.com/watch?v=m6QwRxO3ykM>

Bhailigh roinnt daoine le chéile thuas staighre i dteach tábhairne in Melbourne ar an 22 Aibreán chun éisteacht le hÁine ag léamh dánta léi in éineacht le haistriúcháin. Bhain an slua sult as an ócáid agus as na scéalta a d'inis sí faoina saol – scéalta a raibh dlúthbhaint acu lena cuid filíochta. Díreach roimh di a aghaidh a thabhairt ar an Astráil rinne sí agallamh le Raidió na Life – féach 'Dánta idir Shean agus Nua':

[https://soundcloud.com/rnl/danta-idir-shean-agus-nua-aine-ni-ghlinn?utm\\_source=clipboard&utm\\_campaign=wtshare&utm\\_medium=widget&utm\\_content=https%253A%252F%252Fsoundcloud.com%252Frnl%252Fdanta-idir-shean-agus-nua-aine-ni-ghlinn](https://soundcloud.com/rnl/danta-idir-shean-agus-nua-aine-ni-ghlinn?utm_source=clipboard&utm_campaign=wtshare&utm_medium=widget&utm_content=https%253A%252F%252Fsoundcloud.com%252Frnl%252Fdanta-idir-shean-agus-nua-aine-ni-ghlinn)



Agus is fiú éisteacht leis an bpodchraoladh seo:

<https://tuairisc.ie/tuairisc-o-bheal-ceard-is-irish-literature-ann-gan-litriocht-na-gaeilge/>



### Ón iasacht chun na Gaeilge

*Few people in Ireland achieve fluency in Irish, but among them are speakers born elsewhere – Africa, China, Vietnam, Germany and elsewhere.*

I bpáipéar leis an taighdeoir Éireannach Iarfhlaithe Watson in 2024, deir sé:

Sa staidéar piolótach seo rinneamar iniúchadh ar an gceangal atá ann idir labhairt na Gaeilge agus muintearas, ag díriú go sonrach ar chainteoirí Gaeilge ó chúlráí eitneacha agus/nó náisiúnta éagsúla i bPoblacht na hÉireann... Taispeánann ár dtorthaí an ról cumasaithe atá ag an nGaeilge do dhaoine ó chúlráí éagsúla, ag cuidiú leo imeascadh sa tsochaí, ag cuidiú leo cur i gcoinne an choimhthithe nó an chiníochais, agus i gcoinne daoine a cheistíonn cén fáth a bhfuil siad in Éirinn. Mar sin féin, d'fhéadfadh teannas a bheith ann idir Éireannaigh bhána agus iad siúd ó chúlráí éagsúla atá ina gcainteoirí Gaeilge, rud a thógann ceisteanna tábhachtacha maidir le coimhlintí agus toradh na gcoimhlintí sin.<sup>1</sup>

Mar a deir sé, is ait an scéal é cás na Gaeilge, í ina teanga náisiúnta agus ina teanga mhionlaigh araon. Is beag taighde a rinneadh ar conas a chuaigh an Ghaeilge i bhfeidhm ar chainteoirí ó chúlráí éagsúla eitneacha. Ní minic Gaeilge ag inimircigh, ach is léir go n-aithníonn a lán Éireannaigh as tíortha eile go gcuidíonn an teanga leo muintearas a dhéanamh agus í ina comhartha ar dhúchas na tíre. Tá Polannaigh, Meiriceánaigh, Brasaíligh, Indiaigh, Iodálaigh, Francaigh, agus Gearmánaigh ina gcónaí in Éirinn (gan trácht ar Úcráinigh). Cuireann cuid bheag acu de dhua orthu féin Gaeilge a fhoghlaim.

I saol domhandaithe, bíonn féiniúlacht ag roinnt le teanga. Ní mór dúinn dul amach ar an idirghníomhú idir teanga, náisiúnachas agus domhandú chun na deacrachtaí a thuiscint a bhaineann le héagsúlacht eitneach agus le féiniúlacht chultúrtha.

Chuir Watson agallamh ar dhaoine ó chúlráí difriúla eitneacha in Éirinn a labhraíonn Gaeilge gach lá. Orthu sin tá Hue (a hainm cleite), bean a rugadh i Vítniam ach a tógadh in Éirinn. Cloíonn sí leis an nGaeilge mar chomhartha féiniúlachta, ach mar sin féin tá daoine in Éirinn a thugann íde béil di nó fiú a d'ionsaigh í de dheasca an dealraimh atá uirthi. Tá Adaoma ann, fear a rugadh san Nigéir ach a tógadh in Éirinn. Amhail Hue, chuaigh sé ar Ghaelscoil,

<sup>1</sup> Iarfhlaithe Watson, 'Labhairt na Gaeilge agus muintearas in Éirinn, i measc Gaeilgeoirí a bhfuil eitneachas agus náisiúntachtaí éagsúla acu,' 2024, *Irish Journal of Sociology*: [https://www.academia.edu/125903898/Labhairt\\_na\\_Gaeilge\\_agus\\_muintearas\\_in\\_%C3%89irinn\\_i\\_measc\\_Gaeilgeoir%C3%A1\\_a\\_bhfuil\\_eitneachas\\_agus\\_n%C3%A1isi%C3%B2antachta%C3%AD\\_%C3%A9ags%C3%B2ala\\_acu](https://www.academia.edu/125903898/Labhairt_na_Gaeilge_agus_muintearas_in_%C3%89irinn_i_measc_Gaeilgeoir%C3%A1_a_bhfuil_eitneachas_agus_n%C3%A1isi%C3%B2antachta%C3%AD_%C3%A9ags%C3%B2ala_acu)

tá Gaeilge ar a thoil aige, agus saothraíonn sé a bheatha trí Ghaeilge. Luann an t-údar Zainab Boladale, Éireannach mná a rugadh san Nigéir agus atá ina Gaeilgeoir agus ina láithreoir teilifíse ag RTÉ. Dúirt duine díobh siúd a cuireadh agallamh orthu go dtagann náire uaireanta ar Éireannaigh dhúchasacha má buaileann siad le daoine ón iasacht atá níos líofa ná iad féin. Dúirt a bhformhór siúd a bhí faoi agallamh gur fhreastail siad ar an Pop-Up Gaeltacht, rud a lig dóibh a mhothú gur chuid de phobal iad.

Tig linn a rá, i dteannta a bhfuil ráite ag an údar, gur díol spéise í an Ghaeilge mar theanga i dtíortha eile. Féadann an Ghaeilge a bheith mar chomhartha ar fhéiniúlacht Éireannach san Astráil, mar shampla, ach ní mar sin atá an scéal i gcónaí. Tig le scríbhneoirí Gaeilge an teanga a úsáid chun timpeallacht ar bith a léiriú (bhí sé sin á dhéanamh fiú i Meiriceá sa 19ú haois) agus cuirtear Éire i leataobh dá bharr: an Ghaeilge mar theanga fhíordhomhanda, mar sin. Na daoine a roghnaíonn Gaeilge a úsáid in Éirinn, tír a bhfuil Béarla i réim, tá cuimhne acu ar dhúchas áirithe – i ngan fhios dóibh féin, b'fhéidir – ach ní mór don Ghaeilgeoir in áiteanna eile an teanga a athdhúchasú, rud nach ionann is a rá go gcaithfí an chuimhne úd i gcártaí ar fad. Is cuma cén cineál Béarla atá agat, tá Shakespeare fite fuaite ann.

Deir an t-údar:

Cruthaítear scoilt in Éirinn de bharr an éilimh atá ag an náisiúnachas nach mbeadh ach teanga amháin ag an náisiún.

Ach ní foláir dúinn a admháil go ndearnadh réiteach ar an 'scoilt' úd. Tugtar ómós don Ghaeilge mar chomhartha, rud a d'fhág nach gá í a fhoghlaim i ndáiríre. Admhaítear go bhfuil an Béarla an-fhóinteach agus nach féidir aon teanga eile a chur ina áit sa ghnáthshaol. Dhá réimse aigne agus iad curtha in oiriúint dá chéile. Ar ndóigh, dá mairfeadh an Ghaeilge mar phríomhtheanga na hÉireann, bheadh Béarla mar an dara teanga ag gach Éireannach. Ach níor mhair, agus beidh an Ghaeilge ina teanga mhionlaigh feasta. Más ea, is teanga í a choinneoidh an dé sa dúchas is sine dá bhfuil in Éirinn.



### **Gearr Gonta**

*The title ('Short and Sharp') of a new collection of short poems in Irish, edited by writer and former publisher Mícheál Ó Conghaile.*

Tá filí ann atá tugtha don ghontacht agus filí eile ar fearr leo flúirse focal. Ach fiú na bhfilí is flúirsí thig le cuid acu mórán a rá i mbeagán focal. Sin é an bun atá le *Gearr Gonta*, díolaim nua a chuir Mícheál Ó Conghaile in eagar agus í foilsithe ag Cló Iar-Chonnacht. Mar a deir an foilsitheoir, níl aon dán ann atá níos faide ná dhá líne dhéag agus tá a bhformhór i bhfad faoina bhun sin. Dánta iad seo a foilsíodh cheana i gcnuasaigh nó i ndíolaimí, agus seo anois iad agus iad bailithe le chéile. (Tá dánta le beirt fhilí Astrálacha ina measc.)



Mar a deir an Conghaileach:

Tá focla níos fairsinge anois ná riamh ach go bhfuil luach níos lú orthu inniu ná mar a bhíodh. Tá go leor cainte dá dhéanamh agus gan mórán mórán dá rá go minic... Bhí ómós ag an bhfile agus ag an scríbhneoir cruthaitheach riamh don fhocal, don abairt, don chruinneas, don fhírinne. Soiléireacht a chuartú is a aimsiú, má b'fhéidir. Criostalú a dhéanamh ar ábhar.

Is fearr aithne ar Mhícheál Ó Conghaile mar úrscéalaí agus mar an té a bhunaigh Cló Iar-Chonnacht daichead bliain ó shin. Thosaigh sé ag scríobh agus é ar scoil, agus chuaigh sé i gceann foilsitheoireachta chun leabhair Ghaeilge den scoth a fhoilsiú. D'éirigh sé as an ngnó sin roinnt blianta ó shin chun dul i mbun scríbhneoireachta agus chun drámaí a aistriú. Tá sé ráite aige go bhfuil sé breá sásta go bhfuil a lán daoine ag obair go lánaimseartha i ngnó na foilseoireachta Gaeilge agus gur chuir CIC ar chumas an oiread sin scríbhneoirí agus ceoltóirí beatha a bhaint as a gceird.<sup>2</sup>

Eisean a chuir *Cré na Cille* (Máirtín Ó Cadhain) os comhair an tsaoil mhóir trí Bhéarla agus trína lán teangacha eile, agus an Cadhnach aitheanta dá bharr mar dhuine de mhórscribhneoirí na hÉireann sa fichiú haois.

***Gearr Gonta, eag. Mícheál Ó Conghaile, Cló Iar-Chonnacht 2025. ISBN 13: 9781784442941.***



### **Abhainn na Life agus tonnta an raidió**

*Raidió na Life is the public voice of urban Irish speakers, a group largely invisible to those who speak only English.*

Is beag comhartha is fearr ar bheocht na Gaeilge i mBaile Átha Cliath ná Raidió na Life. Cinnte, tá cuid de na craoltóirí níos fearr ná a chéile i dtaca le cumas cainte de, ach is beag an chúis iontais é sin. Tá éagsúlacht ag baint leis na cláracha agus léirítear saol cathrach nach mbaineann le sléibhte ná le portaigh. Bhí Gaeilge á labhairt i mBaile Átha Cliath fós amach sa 19ú haois, ach bhí blas an tseansaoil uirthi (manglam d'Oirthear Uladh agus den chanúint lárnach a mhaireann fós i gConamara, is dócha), agus rud eile ar fad is ea an Ghaeilge chathrach a d'eascair ón Athbheochan. Tháinig aigne nua aníos léi, aigne a bhfuil a rian ar ghuth seo mhuintir na Life.

Cuireadh tús leis an tionscadal in 1988, nuair a shocraigh grúpa Gaeilgeoirí i mBaile Átha Cliath ar sheirbhís raidió a chur ar bun. Bhí ceadúnais chraolacháin ar fáil maidir le craolachán tráchtála agus pobail, agus in 1989 bunaíodh Comharchumann Raidió Átha Cliath Teoranta. Rinneadh scaireanna a dhíol ar £25 an ceann, agus tugadh 'Raidió na Life' ar an tseirbhís nua. Fuair an Comharchumann ceadúnas sealadach chun craoladh a dhéanamh le linn Fhéile an Oireachtais in 1991, agus faoin mbliain 1993 bhí Raidió na Life ar an aer go buan. Tá an stáisiún ag craoladh anois ó áras Fhoras na Gaeilge ag 7 Cearnóg Mhuirfean. Is cuid suntais é an líon mór craoltóirí a fuair poist ghairmiúla in RTÉ go háirithe.

As mórcheantar Átha Cliath do na craoltóirí, agus tugann siad guth poiblí do theanga atá fágtha i bhfolach sa phríomhchathair (faoi thalamh, más maith leat) an chuid is mó den am, d'ainneoin na mílte Gaeilgeoir a bheith ann. Ach stáisiún domhanda é chomh maith de bharr é a bheith le cloisteáil ar líne, agus is dócha go bhfuil níos mó éisteacha aige ná mar atá ag Raidió na Gaeltachta. (Is dócha gur fusa criól Bhaile Átha Cliath a thuiscint ná tuin dheacair na gcainteoirí dúchais.) Pléitear spórt, polaitíocht, cúrsaí reatha agus na healaíona; clár suimiúil is ea 'Fada is Fairsing' mar a dtéitear chun cainte le Gaeilgeoirí thar lear.

Is dócha, má éistean tú le Raidió na Life, go bhfuil ag cloisteáil na Gaeilge a bheidh i réim feasta. Gaeilge a fáisceadh as stair áirithe, Gaeilge a bhfuil lorg (nó smál) an Bhéarla uirthi, Gaeilge nach furasta a mharú ná a mhúchadh. Gaeilge cois Life.



---

<sup>2</sup> <https://booksirelandmagazine.com/i-can-remember-a-time-when-i-could-not-speak-english-micheal-o-conghaile/>

## Cúrsaí reatha

### Sasanach atá ag troid ar son na hÚcráine

Tá saighdiúirí tuarastail ann i gcónaí agus orthu sin tá Macer Gifford, fear a chuaigh in arm na hÚcráine in 2022 agus a bhí ag troid gualainn ar gualainn le Buíonta Cosanta Phobal na gCoirdíneach in aghaidh an Stáit Ioslamaigh roimhe sin. I bhfíseán de chuid Business Insider tugann sé cuntas soiléir ar obair a bhuíne taiscéalaíochta, ar dhróin, agus ar iompar na Rúiseach.

<https://www.youtube.com/watch?v=iSpnLSHyy1E>

Féach freisin an t-alt seo:

<https://www.msn.com/en-au/health/other/the-illegal-party-drug-helping-ukraine-s-traumatised-soldiers-live-again/ar-AA1Cdk64?ocid=msedgntp&pc=DCTS&cvid=e1c1057f485b4c438053b1e78abb08bb&ei=33>

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) nó [rianach965@gmail.com](mailto:rianach965@gmail.com).

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au) or [rianach965@gmail.com](mailto:rianach965@gmail.com).*

**Trí dhán le Colin Ryan.** Dhá chnuasach leis i gcló: *Corraí na Nathrach* (Coiscéim 2017) agus *Rogha* (Coiscéim 2022). Dánta leis sa chnuasach dátheangach *Ó Chréanna Eile/From Other Earths* (Bobtail Books 2024), in éineacht le Julie Breathnach-Banwait.

### Tar éis

Tar éis na hApacailipsise  
déarfá nach raibh athrú ann  
na tithe céanna ann  
gnáthchaint is siopadóireacht  
ach torathair ar fán ann  
in éide mheabhlach  
is solas nár mhair  
ach i scátháin bhriste  
is dath an mhéala tagtha  
ar bhallaí ar chrainn ar uisce

### Folach

Thángamar ort  
(cé nárbh áil linn é)  
áit a raibh tú folaithe  
idir an tír is na tonnta  
is éin na farraige ag fógairt  
nach raibh dul i bhfolach  
ar an mbás: b'fhearr linn  
tú a fhágáil i do chodladh  
ach tá greim agat orainn anois  
is ní fhéadaimid tú a thréigean

## **Neamhbhuan**

Is tú ag cuimhneamh ar ar cailleadh  
de bhréagáin de leabhair  
de leannáin áille i seomraí  
de pháirceanna arda is ísle  
de dhríodar an tsaoil  
is an chonair seo romhat  
i ndeireadh an tsamhraidh  
conair go bun na spéire  
is an oiread sin le tréigean fós  
más fíor go fóill nach buan  
gach ní a chaitear